

MÁTHAIR MHÓR EMIL

Sí an mháthair mhór is gleoidhte dár casadh ariamh liom in-aindeoin a bfaca sí de bhuairt agus de thrioblóid. Tá daoine ann a bhíos gleoidhte mar ní maith leo an ghleoidteacht. Bhíodh sean-mháthair Emil ina comhnaidhe i aon teach le na tuismuightheoirí. Níor a thruigh sí go dtí teach a hingine i mBerlín nó gur cailleadh Herr Tischbein an plumadóir. Ní raibh mathair Emil indon an oiread a shaothrú is a cothóchadh triúr daoine. Mar geall ar sin is i mBerlín atá comhnaidhe na sean-mná uaisle faoi lathair. Níl aon litir dá sgriobhann sí nach gcuireann sí ina dheire, tá mé féin go maith, agus ta súil agam gur mar sin ata tusa.

Chuaidh Pony Hutchen ó dhuine go duine ag dáil seaclaeid te so bhlasta ortha.